Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

15249/26
ADD 1

ENT 293
MI 1102
IND 654
CHIMIE 141
COMPET 1283
SAN 747
ENV 1345
CONSOM 315

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 106531 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 106531 annex.

Faoi iamh: D(2026) 106531 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D106531/05
[…](2026) XXX draft

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XVII, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'[*Oifig na bhFoilseachán, cuirtear isteach an chéad uimhir leantach eile*]. Cianaimíd chailciam $CaCN_2$ Uimh. CAS: 156-62-7 Uimh. CE: 205-861-8	1. Ní chuirfear ar an margadh í lena húsáid ag an bpobal i gcoitinne mar leasachán, mar shubstaint léi féin nó i meascán ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].' 2. Ní úsáidfidh an pobal i gcoitinne í mar leasachán, mar shubstaint léi féin nó i meascán ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm* an Rialacháin seo]. 3. Ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], ní chuirfear ar an margadh í mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil, mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas: (a) is i bhfoirm ghráinneach atá sí; (b) déantar an phacáistíocht a mharcáil de bhun mhír 4; (c) tá treoracha iomchuí úsáide ag gabháil léi ina léirítear, ar a laghad, na coinníollacha éigeantacha úsáide a leagtar síos i mír 6. 4. Chun críocha mhír 3(b), maidir le pacáistiú cianaimíde cailciam mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil, déanfar é a mharcáil go feiceálach, go soléite agus go doscriosta leis an ráiteas seo a leanas: '*Le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin.* *Chun priacail do shláinte an duine agus don chomhshaol a sheachaint, cloígh leis na treoracha maidir le húsáid.*' 5. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le cianaimíd chailciam mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil a cuireadh ar an margadh den chéad uair roimh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir*

	isteach an dáta: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. 6. Ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], ní úsáidfear í mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil, ach amháin má tá sé i bhfoirm ghráinneach agus má chomhlíontar na coinníollacha úsáide seo a leanas: (a) i gcás ina n-úsáidtear í ar ithir lom, cuirfear láithreach é ag doimhneacht íosta 10 cm; (b) i gcás ina n-úsáidtear í ar pháirceanna lena bhfuil fána 5 % go 15 %, déanfar í a ionchorprú san ithir díreach tar éis í a leathadh nó cuirfear í le trealamh domhainshuite é; (c) i gcás ina n-úsáidfear í ar pháirc in aice le sruthchúrsa, beidh stiall mhaoláin fhásmhar ann idir an pháirc agus an sruthchúrsa; ní bheidh an stiall mhaoláin fhásmhar níos lú ná 10 m ar leithead i bpáirceanna lena bhfuil fána is lú ná 5 %, ná ní bheidh sí níos lú ná 20 m ar leithead i bpáirceanna lena bhfuil fána 5 % go 15 %; (d) ní úsáidfear í ar pháirceanna lena bhfuil fána is mó ná 15 %; (e) ní úsáidfear í ar ithreacha atá báite, faoi uisce, reoite nó faoi chumhdach sneachta.’